



**Scéim Teanga 2013-2016
Institiúid Teicneolaíochta na
Gaillimhe-Maigh Eo**

faoi Acht na
dTeangacha Oifigiúla
2003

**Galway-Mayo Institute of Technology
Irish Language Scheme
2013-2016**

under the Official
Languages Act
2003

Clár na nÁbhar / Table of Contents

		Leathanach / Page
Caibidil 1	Réamhrá agus Cúlra	
Chapter 1	Introduction and Background	
	1.1 Treoirínnte chun Scéim a Ullmhú / Guidelines for Preparation of a Scheme	3
	1.2 Ábhar na Scéime Teanga / The Content of the Language Scheme	4
	1.3 Dáta Tosaithe na Scéime / Commencement Date of the Scheme	4
	1.4 Forbhreathnú ar GMIT / Overview of GMIT	4
	1.5 Measúnú ar a Mhéid atá Seirbhísí ar Fáil Cheana Féin trí Ghaeilge / Assessment of Extent to which Services are Already Available through Irish	6
Caibidil 2	Soláthar na Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta Institiúideacha	
Chapter 2	Provision of General Institutional Services/Activities	
	2.1 Meáin Chumarsáide leis an bPobal / Means of Communication with the Public	9
	2.2 Seirbhísí atá Dátheangach go hIomlán / Fully Bilingual Services	9
Caibidil 3	Achoimre ar na Seirbhísí/Gníomhaíochtaí a Chuireann Ranna ar Fáil	
Chapter 3	Summary of Services/Activities Provided by Divisions	
	3.1 Réamhrá / Introduction	13
	3.2 Oifig an Chláraitheora / Registrar's Office	13
	3.3 An Oifig Airgeadais / Finance Office	14
	3.4 Taighde & Fiontar / Research & Enterprise	15
	3.5 Coláistí & Scoileanna / Colleges & Schools	15
	3.6 Achoimre ar an bPlean do Chur i nGníomh / Summary of Plan for Implementation	16
Caibidil 4	Feabhsú Breise ar na Seirbhísí	
Chapter 4	Additional Enhancement of Services	
	4.1 Feabhsú ar na Seirbhísí atá le Cur ar Fáil go Dátheangach / Enhancement of Services to be Provided Bilingually	18
	4.2 Oiliúint agus Forbairt / Training and Development	18
	4.3 Logainmneachta Gaeltachta / Gaeltacht Placenames	18
Caibidil 5	Monatóireacht agus Athbhreithniú	
Chapter 5	Monitoring and Revision	20
Caibidil 6	Poibliú na Scéime Comhaontaithe	
Chapter 6	Publicising of Agreed Scheme	22

Caibidil / *Chapter*

1

RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA
INTRODUCTION AND BACKGROUND

RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

D'ullmhaigh GMIT an scéim seo – an dara scéim teanga de chuid GMIT – faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (dá ngairfear “an tAcht” anseo feasta). Déanann an tAcht foráil d'ullmhú scéime reachtála ag comhlachtaí poiblí a mhionsonróidh na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

trí mheán na Gaeilge,

trí mheán an Bhéarla, agus

trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go ndéanfar seirbhís ar bith dá leithéid nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán na Gaeilge a sholáthar mar sin laistigh de thréimhse chomhaontaithe.

1.1 Treoirínnte chun Scéim a Ullmhú

Forálann Alt 12 den Acht d'ullmhú treoirínnte ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus dá n-eisiúint do chomhlachtaí poiblí chun cuidiú leo in ullmhú dréachtscéimeanna. Tá an scéim seo dréachtaithe tar éis dul i gcomhairle leis na neacha léinn, leis an bhfoireann agus le páirtithe leasmhara ionadaíocha. D'fhoilsigh an Institiúid fógra poiblí faoi Alt 13(a) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla a a d'iarr uirill ó pháirtithe leasmhara ar bith maidir le hullmhúchán na dréachtscéime.

Tá an scéim seo faoi chomáin ag na haighneachtaí, na tuairimí agus na moltaí sin a chuir baill foirne agus neacha léinn i láthair. Cuireadh *grúpa Gaeilge* ar bun chun cuidiú leis an bpróiseas seo a fhorbairt. Chomh maith leis sin rinneadh teagmháil le gach ball foirne agus le páirtithe leasmhara eile agus iarradh orthu aighneachtaí a dhéanamh. Cuireadh na haighneachtaí a fuarthas san áireamh agus an dara scéim seo á forbairt. Is mór leis an Institiúid an t-am agus an iarracht a chaith gach duine atá i gceist leis an bpróiseas seo.

Tá an scéim seo ag brath ar gach ceann de na ceangaltais a bhí sa scéim dár gcuid roimhe seo a bheith curtha i ngníomh. I gcás nár cuireadh na ceangaltais sa scéim sin i ngníomh go huile agus go hiomlán go dtí seo, tá Oifig an Choimisinéara Teanga tar éis déileáil leis.

Leagann an scéim seo amach na spriocanna atá curtha roimpi ag an Institiúid do na trí bliana seo romhainn agus cuireann na réimsí tosaíochta in iúl. Beidh an fhreagracht as an monatóireacht agus an athbhreithniú ar Bhainistíocht Shinsearach na hInstitiúide.

INTRODUCTION AND BACKGROUND

This scheme - GMIT's second language scheme - was prepared under Section 15 of the Official Languages Act 2003 (hereinafter referred to as “the Act”) by GMIT. The Act provides for the preparation by public bodies of a statutory scheme detailing the services they will provide:

through the medium of Irish,

through the medium of English, and

through the medium of Irish and English

and the measures to be adopted to ensure that any service not provided by the body through the medium of the Irish language will be so provided within an agreed timeframe.

1.1 Guidelines for Preparation of a Scheme

Section 12 of the Act provides for the preparation of guidelines by the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht and their issue to public bodies to assist in the preparation of draft schemes. This scheme has been drawn up following consultation with students, staff and representative stakeholders. The Institute published a public notice under Section 13 (a) of the Official Languages Act inviting representations in relation to the preparation of the draft scheme from any interested parties.

This scheme has been informed by these submissions and views and suggestions put forward by staff and students. A *grúpa Gaeilge* was established to help develop this process. In addition all staff and other stakeholders were contacted and invited to make a submission. Submissions received were taken into account in developing this second scheme. The Institute appreciates the time and effort put in by all concerned in this process.

This scheme is predicated on all of the commitments in our previous scheme being implemented. In the event of commitments within that scheme not having been fully implemented to date, this matter has been dealt with by the Office of An Coimisinéir Teanga.

This scheme sets out the targets the Institute has set itself for the next three years and indicates priority areas. Responsibility for monitoring and review will rest with the Senior Management of the Institute.

1.2 Ábhar na Scéime Teanga

Is trí mheán an Bhéarla a chuirtear na seirbhísí ar fáil den chuid is mó faoi láthair. Is teoranta é líon na mball foirne ag a bhfuil inniúlacht i nGaeilge labhartha agus is lú fós an líon le cumas scríofa.

Dá bhrí sin, is iad tosaíochtaí GMIT don scéim seo ná:

1. Cur le hinniúlacht an lucht foirne i nGaeilge.
2. Cur le feasacht i measc na foirne ar ábhar agus cuspóir na scéime.
3. Seirbhís theoranta, ar cuireadh tús léi faoi Scéim 1 i sainréimsí ar féidir tógáil orthu i scéimeanna ina dhiaidh seo duine-le-duine, a leathnú amach go réimsí eile.
4. Pleananna chun inniúlacht céimithe i nGaeilge a leathnú i réimsí roghnaithe a chomhtháthú.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo dearbhairthe ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ó 22 Aibreán 2013 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua dearbhairthe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

1.4 Forbhreathnú ar GMIT

1.4.1 An Institiúid

Is Institiúid Teicneolaíochta í GMIT atá suite ar cheithre champas. Tá údarás tarmligthe aici chun a cuid dámhachtainí féin a dhéanamh ag leibhéil 6 – 9 (i.e. ón Ardteastas go Céim Máistir) agus ag leibhéal 10 i réimsí sainithe áirithe. Déanann sí raon leathan clár a thairiscint i nGnó, Innealtóireacht, Eolaíocht, na Daonnachtaí, Turasóireacht & Ealaíona, Dearadh & Teicneolaíocht Troscaín agus Eolaíochtaí Altranais agus Sláinte. Tá neacha léinn dá cuid ar chlár staidéir lánaimseartha ceirde, CCTÁ (ACCS) agus pháirtaimseartha agus breis agus 600 ball foirne aici. Tugann sí tacaíocht, ar bhonn tráchtála, don Nuálaíocht, Fiontraíocht, Taighde, Comhairleacht agus Forbairt Réigiúnach

1.2 The Content of the Language Scheme

The services provided are currently still largely through English. The Institute has a limited number of staff with verbal competencies in Irish and an even smaller number with written competency.

Therefore, GMIT's priorities for this scheme are to:

1. Further enhance staff competency in Irish.
2. Increase the awareness among all staff of the content and purpose of the scheme.
3. Extend to other areas a limited one-to-one service, which has begun under Scheme 1 in specific areas and which can be built upon in subsequent schemes.
4. Consolidate plans to extend graduate competency in Irish in selected areas.

1.3 Commencement Date of the Scheme

This scheme has been confirmed by the Minister for Arts, Heritage and the Gaeltacht. The scheme will commence with effect from the 22 April 2013 and shall remain in force for a period of 3 years from this date or until a new scheme has been confirmed by the Minister pursuant to Section 15 of the Act, whichever is the later.

1.4 Overview of GMIT

1.4.1 The Institute

GMIT is an Institute of Technology located on four campuses. It has delegated authority to make its own awards at levels 6 – 9 (i.e. from Higher Certificate to Masters) and at level 10 in certain designated areas. It offers a wide range of programmes of study in Business, Engineering, Science, Humanities, Tourism & Arts, Furniture Design & Technology and Nursing & Health Sciences. It has students on fulltime, craft, ACCS and part-time programmes of study and has in excess of 600 staff. It supports, on a commercial basis, Innovation, Entrepreneurship, Research, Consultancy and Regional Development.

1.4.2 Ráiteas Misin

Ag GMIT forbraímid deiseanna ar feadh an tsaoil trínár dteagasc agus taighde agus trí thacú le forbairt réigiúnach ag teacht leis an bpolasaí náisiúnta don ardoideachais.

Fís GMIT

- Tá agus beidh an léann ina chroíghníomhaíocht ag an Institiúid, a thugann na neacha léinn, an fhoireann agus an réigiún le chéile chun eolas a chomhroinnt, a fheidhmiú, a thástáil agus a chruthú;
- Leanfaidh GMIT de bheith ag forbairt mar eagraíocht réigiúnach ag a bhfuil fócas atá tiomanta do shaibhriú pearsanta agus gairmiúil a cuid neach léinn, do riachtanais a réigiúin, do na tosaíochtaí náisiúnta agus deiseanna domhanda;
- Déanfaidh GMIT tuairimí agus ionchais a páirtithe leasmhara a mhúnlú agus tabharfaidh sí freagairt orthu agus oibreoidh i gcomhar leo chun freastal ar a riachtanais;
- Beidh GMIT ina heagraíocht arb iad an tsolúbthacht, an chruthaitheacht, an fhreagrúlacht agus cumas oiriúnaithe a príomhthréithe.

1.4.3 Custaiméirí agus Cliaint

Is iad príomhchustaiméirí na hInstitiúide ná a cuid neach léinn a bhfuil dualgas cúraim ar leith uirthi ina leith. Déanann sí idirghníomhú chomh maith le hinstitiúidí agus gníomhaireachtaí eile oideachais agus leis an bpobal mór. Cuimsíonn a príomhbhonn cliaint agus custaiméara:

- Neacha léinn agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí
- Fostaithe GMIT
- An Bord Rialaithe
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- An tÚAO
- Ranna Rialtais agus Cleamhnaithe
- QQI
- Institiúidí Teicneolaíochta eile
- Institiúidí Ardoideachais eile
- Scoileanna Dara Leibhéal
- Coistí Gairmoideachais
- Údarás Áitiúla agus Comhlachtaí eile de chuid na hEarnála Poiblí
- Comhlachtaí Garmiúla
- IDA
- Údarás na Gaeltachta
- Fáilte Éireann
- Comhlachas Tráchtála agus Tionscail na Gaillimhe
- Ceardchumainn
- IBEC
- Fiontar Éireann
- FÁS
- An Chomhairle Oidhreachta
- Lárionad Scannáin na Gaillimhe
- Turasóireacht Gaillimh Thiar
- Coláiste Talmhaíochta an Chreagáin
- An Fóram do Leitir Fraic
- Conamara Thiar
- Europus Teo.

1.4.2 Mission Statement

The GMIT Mission

At GMIT we develop life-long learning opportunities through our teaching and research, by supporting regional development consistent with national higher education policy.

The GMIT Vision

- Learning is and will be the core activity of the Institute, bringing students, staff and the region together to share, apply, test and create knowledge;
- GMIT will continue to develop as a regional organisation with an international focus committed to the personal and professional enrichment of its students, the needs of its regions, national priorities and global opportunities;
- GMIT will both shape and respond to the perspectives and expectations of its stakeholders and will work in collaboration with them to meet their needs;
- GMIT will be an organisation characterised by its flexibility, creativity, responsiveness and a capacity to adapt.

1.4.3 Customers and Clients

The Institute's principal customers are its students to whom it has a particular duty of care. It also interacts with other educational institutions and agencies and the general public.

Its key client and customer base comprises:

- Students and their parents/guardians
- Employees of GMIT
- Governing Body
- Department of Education & Skills
- HEA
- Government Departments and Affiliates
- QQI
- Other Institutes of Technology
- Other Higher Education Institutes
- Second-Level Schools
- Vocational Education Committees
- Local Authorities and other Public Sector Bodies
- Professional Bodies
- IDA
- Údarás na Gaeltachta
- Fáilte Ireland
- Galway Chamber of Commerce and Industry
- Trade Unions
- IBEC
- Enterprise Ireland
- FÁS
- Heritage Council
- Galway Film Centre
- Ireland West Tourism
- Mountbellew Agricultural College
- Forum for Letterfrack
- Connemara West
- Europus Teo.

Bainfidh an tiomantas do chaighdeán seirbhíse don chustaiméir atá glactha ag GMIT i dtaca le seachadadh seirbhísí dár gcustaiméirí leis na seirbhísí siúd, cibé a seachadtar iad i nGaeilge nó i mBéarla.

1.4.4 Feidhmeanna agus Ranna

Réimse Feidhme	Roinn
Gnóthaí Acadúla	Seirbhísí Acadúla MIS An Leabharlann Seirbhísí do na Neacha Léinn An Lárionad d'Fhorbairt Oideachais
Maigh Eo	Gnó, Daonnachtaí & an Teicneolaíocht Eolaíochtaí Altranais & Sláinte Foghlaim ar Feadh an tSaoil
Leitir Fraic	Dearadh & Teicneolaíocht Troscaín
Coláiste Turasóireachta & Ealaíon	Lárionad do na hEalaíona Cruthaitheacha & na Meáin Ealaíona Cócaireachta Teangacha Feidhmeacha & Daonnachtaí Tionscail Seirbhíse
Gnó	Bainistíocht Cuntasaíocht & Córais Faisnéise
Innealtóireacht	Innealtóireacht Foirgníochta & Shibhialta Innealtóireacht Mheicniúil & Thionsclaíoch Innealtóireacht Leictreonaice
Eolaíocht	Eolaíochtaí Fisiceacha & Beatha Matamaitic & Ríomhaireacht
Airgeadas	Airgeadas Acmhainní Daonna Seirbhísí TFC Foirgnimh & Eastáit Seirbhísí Tráchtála Foghlaim ar Feadh an tSaoil Cuideachta Lónadóireachta GMIT
Taighde & Fiontar	Forbairt Taighde & Fiontair Gor
Idirnáisiúnta	Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

1.5 Measúnú ar a mhéid atá Seirbhísí ar Fáil Cheana Féin trí Ghaeilge

Is é cuspóir an dara scéim seo leanúint de na tiomantais sin a sheachadadh agus tógáil ar an dul chun cinn atá déanta ar fud GMIT le linn thréimhse na scéime deireanaí. Leagann sí amach a tiomantas ar son na hInstitiúide agus a cuid foirne d'fhorbairt na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair trí Ghaeilge agus sainaitníonn sí réimsí le haghaidh feabhsaithe sa todhcháil.

The customer service standard commitments adopted by GMIT in relation to delivery of services to our customers shall apply to those services, whether delivered in the Irish language or in the English language.

1.4.4 Functions and Departments

Function Area	Department
Academic Affairs	Academic Services MIS Library Student Services Centre for Educational Development (CED)
Mayo	Business, Humanities & Technology Nursing & Health Sciences Lifelong Learning
Letterfrack	Furniture Design & Technology
College of Tourism & Arts	Centre for the Creative Arts & Media Culinary Arts Applied Languages & Humanities Service Industries Heritage & Tourism
Business	Management Accounting & Information Systems
Engineering	Building & Civil Engineering Mechanical & Industrial Engineering Electronic Engineering
Science	Physical & Life Sciences Mathematics & Computing
Finance	Finance Human Resources ICT Services Buildings & Estates Commercial Services Lifelong Learning GMIT Catering Company
Research & Enterprise	Research & Enterprise Development Incubation
International	International Activities

1.5 Assessment of extent to which Services are Already Available through Irish

The objective of this second scheme is to continue the delivery of these commitments and build on the progress achieved across GMIT over the period of the last scheme. It sets out a commitment on behalf of the Institute and its staff to develop the extent to which services are currently available through Irish and it identifies areas for future enhancement.

Tógann an scéim nua freisin ar phrionsabail na Seirbhíse d'Ardchaighdeán don Chustaiméir agus cinnteoidh sí i gcónaí go gcuideofar le daoine ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Déanfar monatóireacht ar an dul chun cinn agus tabharfar tuairisc air i dTuarascáil Bhliantúil GMIT.

Is é príomhfheidhm na hInstitiúide ná clár oideachais d'ardchaighdeán a chur ar fáil dá cuid neach léinn agus leanfar de sin go ceann i bhfad. Déantar formhór mór na glár sin trí Bhéarla, agus tairgtear dhá chlár trí Ghaeilge amháin, mar atá:

- Ard-Diplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán
- MSc i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán

Reáchtálar na cúrsaí sin i gcompháirtíocht le Europus Teo le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta.

The new scheme also builds on the principles of Quality Customer Service and will continue to ensure that persons who wish to conduct their business in Irish are facilitated.

Progress will be monitored and reported on in the GMIT Annual Report.

The main function of the Institute is to provide quality programmes of education to its students and this will continue to be the case for the foreseeable future. The vast majority of these programmes are offered through English, with two programmes being offered exclusively through Irish, namely:

- Ard-Diplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúcha
- MSc i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúcha

These courses are run in partnership with Europus Teo and supported by Údarás na Gaeltachta.

Caibidil / *Chapter*

2

SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ / GNÍOMHAÍOCHTAÍ
GINEARÁLTA INSTITIÚIDEACHA

PROVISION OF GENERAL INSTITUTIONAL
SERVICES / ACTIVITIES

Leagann an chaibidil seo amach córas na dteangacha oifigiúla a fheidhmittonn an Institiúid i dtaca le soláthar ghinearálta a cuid seirbhísí. Leagann Caibidil 3 amach an seasamh maidir le soláthar seirbhísí/gníomhaíochtaí ag ranna aonair laistigh den Institiúid.

2.1 Meáin Chumarsáide leis an bPobal

Faoi chur i gcrích na scéime beidh cumarsáid na hInstitiúide leis an bpobal i gcoitinne maidir le faisnéis ghinearálta i dtaca lena cuid seirbhísí á cur ar fáil i gcónaí i mBéarla agus i nGaeilge ar aon trí mheán:

- Bróisiúir, foirmeacha iarratais & bileoga eolais
- Foilseacháin
- Láithreán Gréasáin - faisnéis ghinearálta statach
- Cuirfear óráidí nó ráitis ar fáil sa teanga/sna teangacha ina dtugtar iad
- Foilseofar preaseisiúintí a bhaineann leis an nGaeilge nó le hábhair ghaolmhara, i nGaeilge nó go dátheangach, de réir mar is cuí.

2.2 Seirbhísí atá Dátheangach go hIomlán

Is é polasaí na hInstitiúide go ndéanfar dul chun cinn suntasach i gcur ar fáil seirbhísí dátheangacha go hIomlán trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla faoi chur i gcrích na scéime sna réimsí seo a leanas:

2.2.1 Láithreán Gréasáin

San athfhorbairt ar ár láithreán gréasáin atá ag teacht aníos, leanfaidh GMIT d'fhaisnéis ghinearálta a bhaineann lena cuid seirbhísí ar an láithreán gréasáin a fhoilsiú go dátheangach. Fanfaidh na comhpháirteanna seo a leanas i mBéarla amháin:

- Comhpháirteanna atá dírithe ar lucht éisteachta idirnáisiúnta
- Comhpháirteanna de shainchneál teicniúil
- Cláir staidéir ghréasánbhunaithe (cés moite de chlár Ghaeilge a bheidh ar fáil trí Ghaeilge)
- Comhpháirteanna a bhaineann le cláir nua (cés moite díobh siúd atá ar fáil trí Ghaeilge).

Cinnteoídh an Institiúid go gcuirfear gach cáipéis, ar a n-áirítear bileoga agus bróisiúir eolais a tháirgfear trí Ghaeilge nó go dátheangach, ar fáil ar an leagan Gaeilge den láithreán gréasáin ag an am céanna leis an leagan Béarla de cháipéisí dá leithéid.

This chapter sets out the official languages regime operated by the Institute in relation to the general provision of its services. Chapter 3 sets out the position in relation to service provision/activities by individual divisions within the Institute.

2.1 Means of Communication with the Public

By the end of the scheme the Institute's communications with the general public regarding general information relating to its services will continue to be made available in both English and Irish by means of:

- Brochures, application forms & information leaflets
- Publications
- Website – general, static information
- Speeches or statements will be made available in the language(s) in which they are delivered.
- Press releases relating to the Irish language, or related topics, will be published in Irish or bilingually, as appropriate.

2.2 Fully Bilingual Services

It is the Institute's policy that significant progress will be made in providing fully bilingual services through the medium of Irish and English by the end of the scheme in the following areas:

2.2.1 Website

In the upcoming redevelopment of our website, GMIT will continue to publish bilingually general information relating to its services on the website. The following components of the website will remain in English only:

- Components aimed at an international audience
- Components of a technical specialist nature
- Web-based programmes of study (except Irish language programmes which will be available through Irish).
- Components relating to existing or new programmes (other than those available through Irish).

The Institute will ensure that all documents, including information leaflets and brochures that are produced in Irish or bilingually, will be made available on the Irish version of the website at the same time as the English version of such documents.

2.2.2 Seirbhísí Idirghníomhacha

Faoi láthair ní fheidhmíonn an Institiúid seirbhísí idirghníomhacha ar bith. Má tharlaíonn sé go dtabharfar isteach seirbhísí idirghníomhacha nua ar bith le linn don scéim seo a bheith i bhfeidhm, tabharfar isteach iad, de réir mar is indéanta, go dátheangach agus go comhuaineach.

2.2.3 Córais Ríomhaire

De réir mar a dhéanfar córais nua ríomhaire a shuiteáil, beidh siad comhoiriúnach leis an nGaeilge agus déanfar córais reatha ar bith a nuashonrú chun freastal air sin.

2.2.4 Córas Bainistíochta Foghlama

Cuireann an Córas Bainistíochta Foghlama, atá inrochtana ag na neacha léinn ó nasc idirlín ar bith ar an gcampas nó lasmuigh de, foghlaim ar líne ar fáil (acmhainní cúrsa, gníomhaíochtaí, measúnuithe, etc). Féadfaidh léachtóirí agus neacha léinn comhéadan an chórais a athrú go Gaeilge de réir mar atá sé ar fáil. Cuirtear an ghné ilteangach den chóras chun cinn agus léirítear don fhoireann é le linn oiliúna. Cuidíonn sé sin leis an bhfoireann ábhar as Gaeilge a ghiniúint de réir mar is gá agus tá an próiseas sin i bhfeidhm anois.

2.2.5 Tairseach Neacha Léinn agus Tairseach Teanga

Tá eolas a bhaineann leis an neacha léinn le fáil sa tairseach neacha léinn (student.gmit.ie) ar raon topaicí ar a n-áirítear an fhéilire acadúil, seirbhísí TE, seirbhísí do na neacha léinn, etc. Foilseofar gach eolas de chineál ginearálta faoi na ceanteidil sin go dátheangach chomh luath agus a bheidh an láithreán gréasáin forbartha. Tá an rud céanna fíor faoin Tairseach Teanga.

2.2.6 Naisc le hAcmhainní

Faoi dheireadh na chéad bhliana den scéim seo, beidh roinn ag láithreán gréasáin GMIT dar teideal "Gaeilge ag GMIT/The Irish Language at GMIT" áit a mbeidh an t-eolas seo a leanas le fáil:

- Scéimeanna na Gaeilge
- Naisc le hacmhainní úsáideacha Gaeilge
- Ranganna /grúpaí sóisialta Gaeilge atá ar fáil don fhoireann/neacha léinn.

2.2.7 Bróisiúir, Foirmeacha Iarratais agus Bileoga Eolais

Ar bhonn leanúnach, foilseofar gach bróisiúir, foirm iarratais agus bileog eolais nua ghinearálta. Beidh a bhformhór faoin gclúdach céanna cé go mb'fhéidir go bhfoilseofar foilseacháin níos mó go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla. I gcás Fhéilire na hInstitiúide, beidh na ranna eolais ghinearálta i mBéarla agus i nGaeilge. Beidh sonraí na gclár sa teanga ina seachadtair iad. Beidh na bróisiúir atá dírithe ar an margadh idirnáisiúnta i mBéarla amháin. Foilseofar tuarascálacha sainchomhairleora agus tuarascálacha tiomanta teicniúla sa teanga inar cuireadh i láthair i dtosach iad.

2.2.2 Interactive Services

The Institute does not currently operate any interactive services. Should any new interactive services be introduced during the course of this scheme, they will be introduced, where feasible, bilingually simultaneously.

2.2.3 Computer Systems

As new computer systems are installed, they will be compatible with the Irish language and any current computer systems will be updated to cater for same during planned upgrades or maintenance work.

2.2.4 Learning Management System

The Learning Management System, accessible by students from any internet connection on or off campus, provides online learning (course resources, activities, assessments, etc). Both lecturers and students can change the interface of the system to Gaeilge where available. The multilingual aspect of the system is promoted and demonstrated to staff at training. This facilitates staff in generating content as Gaeilge as required and this process is now in place.

2.2.5 Student Portal and Language Portal

The student portal (student.gmit.ie) contains student-related information on a range of topics including the academic calendar, IT services, student services, etc. All information of a general nature under these headings will be published bilingually from the time this website is redeveloped. The same is true of the Language Portal.

2.2.6 Links to Resources

By the end of the first year of this scheme, the GMIT website will have a section entitled "Gaeilge ag GMIT/The Irish Language at GMIT" where information will be provided on:

- Scéimeanna na Gaeilge
- Links to useful Irish language resources
- Irish language classes/social groups available for staff/students

2.2.7 Brochures, Application Forms and Information Leaflets

On an ongoing basis, all new brochures, application forms and general information leaflets will be published bilingually. Most will be under the same cover though larger publications may be published simultaneously in Irish and English. In the case of the Institute Prospectus, the general information sections will be in both English and Irish. Programme details will be in the language of delivery. Brochures aimed at an international market will be in English only. Consultant reports and dedicated technical reports will be published in the language in which they were originally presented.

2.2.8 Oibriúchán Deasc Fáiltithe/Lasc-chláir

Is iad na hoibreoírí fáiltithe/lasc-chláir na chéad phointí teagmhála leis an bpobal. Beidh sé mar chuid de pholasaí GMIT a chinntiú go mbeidh an gnáthchleachtas maidir le Seirbhís d'Archaighdeán don Chustaiméir i bhfeidhm sa réimse sin, mar a bhí ó thús na scéime:

- Go dtabharfaidh an fhoireann fáiltithe/lasc-chláir ainm na hInstitiúide i nGaeilge
- Go bhfuil na bun-bheannachtaí ar eolas acu i nGaeilge
- Go bhfuil socrúithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas gur féidir leo baill an phobail a chur i dteagmháil gan mhoill leis an oifig nó oifigeach ar a bhfuil an fhreagracht as an tseirbhís atá ag teastáil a thairiscint trí Ghaeilge, más ann di.

